

UCHTÁIL IDIR TÍORTHA A CHLÁRÚ LE hÚDARÁS UCHTÁLA NA hÉIREANN

Céard í uchtáil idir tíortha?

Ciallaíonn uchtáil idir tíortha uchtáil linbh ar a bhfuil cónaí rialta i stát amháin (an 'stát tionscnaimh'), cibé acu is stát conarthach nó nach stát conarthach de Choinbhinsiún na Háige é, agus a aistríodh, nó atá á aistriú nó á haistriú nó atá le haistriú, isteach i stát eile (an 'stát glacaidh') - (a) tar éis an leanbh a uchtáil sa stát tionscnaimh ag duine nó daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa stát glacaidh, nó (b) chun críocha uchtála, sa stát glacaidh nó sa stát tionscnaimh, ag duine nó daoine ar a bhfuil cónaí rialta sa stát glacaidh.

Samplaí:

- Déanann tuismitheoirí uchtaíocha a bhfuil cónaí rialta orthu in Éirinn leanbh a uchtáil i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus tugann siad an leanbh sin chun cónaí a dhéanamh in Éirinn ina dhiaidh sin. Is 'uchtáil idir tíortha' é sin.
- Déanann tuismitheoirí uchtaíocha a bhfuil cónaí rialta orthu sa Spáinn leanbh a uchtáil i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus tugann siad an leanbh sin chun cónaí a dhéanamh sa Spáinn ina dhiaidh sin. Is 'uchtáil idir tíortha' é sin.
- Déanann tuismitheoirí uchtaíocha a bhfuil cónaí rialta orthu i Stáit Aontaithe Mheiriceá leanbh a uchtáil i Stáit Aontaithe Mheiriceá (i.e. stát cónaí rialta na dtuismitheoirí uchtaíocha agus stát cónaí rialta an linbh). **NÍ** 'uchtáil idir tíortha' é sin. Is é atá ann ná uchtáil 'seachas uchtáil idir tíortha'.

Dá bhrí sin, céard iad na nithe tábhachtacha eile?

Tá dáta na huchtála an-tábhachtach.

Maidir le huchtálacha a rinneadh thar lear suas go dtí an bhliain 1998 agus ón 1 Samhain 2010 ar aghaidh, ní mór iad a bheith i gcomhréir le sainmhíniú ar leith ar 'uchtáil choigríche', ar sainmhíniú é atá leagtha amach san Acht Uchtála 2010. Sa sainmhíniú sin, déantar tagairt do na hiarmhairtí agus do na héifeachtaí a ghabhann le huchtáil.

Maidir le huchtálacha a rinneadh thar lear idir na blianta 1998 agus 2010, ní mór iad a bheith i gcomhréir le sainmhíniú eile ar 'uchtáil choigríche', ar sainmhíniú é atá leagtha amach san Acht Uchtála 2010 freisin. Sa sainmhíniú sin, déantar tagairt d'iarmhairtí agus d'éifeachtaí na huchtála ach, i gcoitinne, meastar go mbaineann tairseach 'níos ísle' leis ná mar atá luaite thuas.

Tríd is tríd, ní mór iarmhairtí na huchtála coigríche a bheith mar an gcéanna le huchtáil Éireannach (i.e. ní mór, mar thoradh ar an uchtáil, an caidreamh dlíthiúil a bhí ann roimhe seo idir an tuismitheoir (na tuismitheoirí) nádúrtha agus an leanbh uchtaíthe a fhoirceannadh. Ina theannta sin,

tá dhá chineál uchtálacha coigríche ann ‘uchtáil ‘simplí’, atá cosúil le caomhnóireacht in Éirinn, agus uchtáil ‘iomlán/iomlánach’, atá cosúil le huchtáil in Éirinn). Ní féidir le hÉirinn ach uchtálacha ‘iomlán/iomlánach’ a aithint (cé go bhfuil forálacha ann san Acht Uchtála 2010 maidir le huchtálacha ‘iomlán/iomlánach’ a thiontú ina n-uchtálacha ‘simplí. Ach tá téarmaí agus coinníollacha ann).

AR AN ÁBHAR SIN, NÍ FÉIDIR GACH UCHTÁIL CHOIGRÍCHE A AITHINT.

Céard iad na huchtálacha idir tíortha AR FÉIDIR leis an Údarás Uchtála iad a aithint?

Tá TRÍ chineál uchtála ann a bhféadtar iad a aithint...

1. D’fhéadfadh uchtálacha idir tíortha agus uchtálacha coigríche a rinneadh **sular achtaíodh an tAcht Uchtála 2010 (an 1 Samhain 2010)** a bheith cáilithe lena n-iontráil i ‘Clár na nUchtálacha Coigríche’ (RICA) má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar uchtáil ‘coigríche’ atá leagtha amach in Alt 1 den Acht Uchtála 1991 mar a leasaíodh é sa bhliain 1998 mura rud é go mbeadh an t-aitheantas contrártha do bheartas poiblí (mar shampla, uchtáil aosaigh).
2. D’fhéadfadh uchtálacha idir tíortha a rinneadh **tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 (an 1 Samhain 2010)** a bheith cáilithe lena n-iontráil i ‘Clár na nUchtálacha Idir Tíortha’ (RICA) más rud é
 - (a) go gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar ‘uchtáil choigríche’ in Alt 1 den Acht Uchtála 1991 mar a bhí sé i dtosach báire agus
 - (b) go ndearnadh iad de réir théarmaí agus choinníollacha Choinbhinsiún na Háige*.mura rud é go mbeadh an t-aitheantas contrártha do bheartas poiblí (mar shampla uchtáil aosaigh). Níl aon fhoráil ann san Acht Uchtála maidir le haithint uchtáil a rinneadh i stát Choinbhinsiún na Háige ach a rinneadh **lasmuigh** de théarmaí agus de choinníollacha Choinbhinsiún na Háige.
3. D’fhéadfadh uchtálacha, seachas ‘uchtálacha idir tíortha’ (féach thuas), a rinneadh **tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 (an 1 Samhain 2010)** a bheith cáilithe lena n-iontráil i ‘Clár na nUchtálacha Idir Tíortha’ (RICA) más rud é
 - (a) go gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar ‘uchtáil choigríche’ in Alt 1 den Acht Uchtála 1991 mar a bhí sé i dtosach báire AGUS
 - (b) gur féidir leis an uchtaitheoir (má d’uchtaigh siad ina n-aonar) nó leis an **mbeirt uchtaitheoirí** (má d’uchtaigh siad i gcomhpháirt lena chéile) fianaise a sholáthar go raibh cónaí rialta ar an uchtaitheoir (nó ar gach duine ar leith acu) i stát tionscnaimh an linbh tráth déanta na huchtála.

mura rud é go mbeadh an t-aitheantas contrártha don bheartas poiblí.

Chun cinneadh a dhéanamh maidir le d’iarratas, tá an tÚdarás i dteideal fianaise dhoiciméadach i leith aon chuid de d’iarratas (lena n-áirítear cruthúnas ar chónaí rialta thar lear) a iarraidh ort.

N.B. I measc nithe eile, foláíonn an sainmhíniú ar ‘cónaí rialta’ thar lear rún a bheith ag duine lonnú go buan sa tír sin.

Tá go maith, ceapaim go gcomhlíonaim na coinníollacha – conas a dhéanfaidh mé iarratas ar aitheantas?

Comhlánaigh na foirmeacha thíos agus cuir chuig an Údarás Uchtála iad in éineacht le haon fhianaise dhoiciméadach atá ag teastáil.

**Clár na nUchtálacha Idir Tíortha atá bunaithe agus á chothabháil ag Údarás Uchtála na h Éireann
faoi Alt 90 den Acht Uchtála 2010**

Foirm Iarratais

Freagair gach ceist, le do thoil. Ná scríobh 'ní hinfeidhme' (N/A) mar fhreagra ar aon cheist.

Ainm an iarratasóra: _____

Seoladh: _____

Uimhir theileafóin: _____

Seoladh ríomhphoist an iarratasóra: _____

Gaol leis an leanbh uchtaithe (más ann): _____

Luaitear an méid seo a leanas in Alt 90(3) den Acht Uchtála 2010 - *'Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh chuig an Údarás chun sonraí i dtaobh uchtála idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a thairfeadh i gclár na n-uchtálacha idir tíortha'*. Léirigh cén chatagóir iarratasóra ina bhfuil tú, le do thoil. Maidir leat féin -

- An tusa an duine uchtaithe
- An tuismitheoir uchtaíoch tú
- An duine eile tú ag a bhfuil leas san ábhar

Is féidir leis an Údarás Uchtála trí chineál uchtála a aithint, Cuir tic leis an gcineál iomchuí thíos.
Maidir leis an uchtáil -

- A. **An uchtáil í a rinneadh roimh an 1 Samhain 2010?**
- B. **An uchtáil í a rinneadh tar éis an 1 Samhain 2010** i gcás cónaí rialta a bheith ar na huchtaitheoirí sa stát uchtála tráth na huchtála. (Tá sainmhíniú ar 'cónaí rialta' ar fail ag deireadh na foirme seo.)



C. An uchtáil í a rinneadh tar éis an 1 Samhain 2010 i gcás inar cuireadh an uchtáil i gcrích de réir théarmaí agus choinníollacha *Choinbhinsiún na Háige 1993 um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtála Idir Tíortha?*

Mionsonraí Uchtaitheoir #1

Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA le do thoil

1. Túsainm(neacha): _____
2. Sloinne reatha: _____
3. Sloinne breithe: _____
4. Sloinne (sloinnte) roimhe seo:

5. Dáta breithe: _____
6. Slí bheatha: _____
7. Gaol (más ann) leis an leanbh roimh an uchtáil: _____
8. Gaol le hUchtaitheoir #2 tráth na huchtála: _____

Mionsonraí Uchtaitheoir #2 (más infheidhme)

Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA le do thoil

9. Túsainm(neacha): _____
10. Sloinne reatha: _____
11. Sloinne breithe: _____
12. Sloinne (sloinnte) roimhe seo:

13. Dáta breithe: _____
14. Slí bheatha: _____
15. Gaol (más ann) leis an leanbh roimh an uchtáil: _____
16. Gaol le hUchtaitheoir #1 tráth na huchtála: _____

MIONSONRAÍ FAOI CHOMHUCHTAITHEOIRÍ (más infheidhme)

1. Dáta agus áit an phósta: _____
2. Má bhí pósadh (póstaí) ag ceachtar iarratasóir roimhe seo, tabhair dáta agus áit an phósta agus (a) dáta agus áit an scaoilte nó (b) dáta báis an chéile.

Mionsonraí faoin leanbh uchtaithe

1. Túsainm(neacha) breithe: _____
2. Sloinne breithe: _____
- *3. Túsainm(neacha) tar éis uchtáil: _____
4. Sloinne tar éis uchtáil: _____
5. Dáta breithe: _____
6. Tír agus áit bhreithe:
7. Tír agus áit bhreithe

***TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL GO BHFUIL AN CLÁRÚ A CHUR AR AIS LEIS NA FÓGRAÍ A BHFUIL AG AN IARRATAS SEO. NÍ FÉIDIR LEIS AN MÉID A CHUR ISTEACH NÓ IS MOLTAÍTEAR AR IONTRÁIL I gCLÁR, GAN IDIRGHABHÁIL CHÚIRTE**

Mionsonraí faoin ordú uchtála

1. Dáta an ordaithe uchtála: _____
2. Tír agus áit an ordaithe uchtála: _____
3. Ainm agus seoladh iomlán an ghníomhaire/na gníomhaireachta ar tríd/tríthi a socraíodh an uchtáil _____

4. Ainm iomlán na hinstitiúide sa tír choigríche ónar uchtaíodh an leanbh: _____
5. Seoladh iomlán poist na hinstitiúide sa tír choigríche ónar uchtaíodh an leanbh: _____

Deimhniú Airteagal 23 de Choinbhinsiún na Háige (más cuí)

Ainm an Údaráis Inniúil Eisiúna:

Cuir an Deimhniú Airteagal 23 bunaidh in éineacht le d'iarratas, le do thoil

Dearbhú Reachtúil #1

(Comhlánaigh an Dearbhú seo más rud é go ndearnadh an uchtáil roimh

an 28 Aibreán 1998 nó tar éis an 1 Samhain 2010)

Maidir le hiarratas ar iontráil i gClár na nUchtálacha Coigríche faoi Alt 90 den Acht Uchtála 2010

Déanaimse/Déamaimidne, _____ agus

_____ as (seoladh na beirte)

_____ atá 21 bhliain d'aois agus os a

chionn (an bheirt againn) a dhearbhú agus a rá go sollúnta agus go fíreata mar a leanas -

- Maidir leis an toiliú leis an uchtáil ó gach duine a raibh a thoiliú nó a toiliú leis an uchtáil le fáil nó le ligean thar ceal faoi dhlí na háite ina ndearnadh an uchtáil, fuarthas nó ligeadh thar ceal é faoin dlí sin.
- Go bunúsach, tá an éifeacht chéanna dhlíthiúil ag an uchtáil maidir le foirceannadh agus cruthú ceart agus dualgas tuismitheora i leith an linbh san áit ina ndearnadh í agus atá ag uchtáil a dhéantar le hordú uchtála.
- De réir dhlí na háite ina ndearnadh an uchtáil, ba ghá fiosrúchán a dhéanamh, a mhéid ab indéanta, maidir leis na huchtaitheoirí, maidir leis an leanbh agus maidir leis na tuismitheoirí nó maidir leis an gcaomhnóir,
- De réir dhlí na háite ina ndearnadh an uchtáil, ba ghá don chúirt nó don údarás nó don duine eile a rinne an uchtáil, sula ndearnadh amhlaidh, breithniú cuí a dhéanamh ar leasanna agus ar leas an linbh.

- Níl aon íocaíocht nó luaíocht eile (seachas aon íocaíocht a rinneadh go réasúnach agus go cuí i dtaca le socruithe a dhéanamh don uchtáil) faighte, déanta nó tugtha agam/againn, ná níor chuir mé/muid faoi deara íocaíocht nó luaíocht den sórt sin a fháil, a dhéanamh nó a thabhairt, i gcomaoin ar an uchtáil ná níor chomhaontaigh mé/muid déanamh amhlaidh

Arna dhearbú os mo chomhairse ag _____ (ainm an dearbhóra), a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi (nó ar chuir _____, a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi, in aithne dom é/í), ag _____ an _____ ú lá seo de _____ 20_____.

Síniú _____

Tuairisc (a) _____

(a) Féadtar an dearbhú seo a dhéanamh os comhair Nótaire Poiblí, Coimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána nó duine eile atá údaraithe le dlí chun dearbhuithe reachtúla a thógáil agus a ghlacadh.

Dearbhú Reachtúil #2

(Comhlánaigh an Dearbhú seo más rud é go ndearnadh an uchtáil

idir an 29 Aibreán 1998 agus an 1 Samhain 2010)

Maidir le hiarratas ar iontráil i gClár na nUchtálacha Coigríche faoi Alt 90 den Acht Uchtála 2010

Déanaimse/Déamaimidne, _____ agus

_____ as (seoladh na beirte)

_____ atá 21 bhliain d'aois agus os a

chionn (an bheirt againn) a dhearbú agus a rá go sollúnata agus go fíreata mar a leanas -

- Maidir leis an toiliú leis an uchtáil ó gach duine a raibh a thoiliú nó a toiliú leis an uchtáil le fáil nó le ligean thar ceal faoi dhlí na háite ina ndearnadh an uchtáil, fuarthas nó ligeadh thar ceal é faoin dlí sin.
- Fad atá an uchtáil i bhfeidhm, tá an éifeacht chéanna dhlíthiúil aici, go substaintiúil, maidir le caomhnóireacht an linbh agus a bhí ann san áit agus atá ann maidir le huchtáil a rinneadh le hordú uchtála.

- De réir dhlí na háite ina ndearnadh an uchtáil, ba ghá fiosrúchán a dhéanamh, a mhéid ab indéanta, maidir leis na huchtaitheoirí, maidir leis an leanbh agus maidir leis na tuismitheoirí nó maidir leis an gcaomhnóir,
- De réir dhlí na háite ina ndearnadh an uchtáil, ba ghá don chúirt nó don údarás nó don duine eile a rinne an uchtáil, sula ndearnadh amhlaidh, breithniú cuí a dhéanamh ar leasanna agus ar leas an linbh.
- Níl aon íocaíocht nó luaíocht eile (seachas aon íocaíocht a rinneadh go réasúnach agus go cuí i dtaca le socruithe a dhéanamh don uchtáil) faighte, déanta nó tugtha agam/againn, ná níor chuir mé/muid faoi deara íocaíocht nó luaíocht den sórt sin a fháil, a dhéanamh nó a thabhairt, i gcomaoin ar an uchtáil ná níor chomhaontaigh mé/muid déanamh amhlaidh

Arna dhearbú os mo chomhairse ag _____ (ainm an dearbhóra), a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi (nó ar chuir _____, a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi in aithne dom é/í), ag _____ an _____ ú lá seo de _____ 20____. Síniú _____

Tuairisc (a) _____

(a) Féadtar an dearbhú seo a dhéanamh os comhair Nótaire Poiblí, Coimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána nó duine eile atá údaraithe le dlí chun dearbhuithe reachtúla a thógáil agus a ghlacadh.

Maidir le hiarratas ar iontráil i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha atá bunaithe agus á chothabháil ag Údarás Uchtála na hÉireann faoi Alt 90 den Acht Uchtála 2010

Ceistneoir maidir le Cónaí Uchtaitheora

- Ní ceart an fhoirm seo a chomhlánú ach amháin i gcás ina raibh cónaí rialta ar an uchtaitheoir sa tír uchtála an tráth a ndearnadh an uchtáil.
- Is ceart do gach uchtaitheoir ar leith ceistneoir a chomhlánú

Ainm an uchtaitheora _____

Dáta breithe agus áit bhreithe _____

Dáta agus áit an phósta (más infheidhme) _____

Sa tábla atá leagtha amach lastall, tabhair na mionsonraí seo a leanas maidir le gach tír ar leith ar cónaíodh inti ó rugadh thú agus dáta do bhreithe san áireamh (féach an sampla atá iniata)

- dátaí ar lena linn ar chónaigh tú ansin
- an raibh sé beartaithe agat, an tráth sin, cónaí buan nó cónaí neamhbhuan a dhéanamh sa tír sin?
- an raibh daoine de do neasteaghlach (is é sin, fearchéile, banchéile nó leanaí - más infheidhme) ina gcónaí in éineacht leat sa tír sin nó ar fhan siad i do thír bhreithe?
- ar choinnigh tú áit chónaithe bhuan i do thír bhreithe nuair a chónaigh tú sa tír sin?
- an raibh fostaíocht agat sa tír sin?

Más é 'bhí' an freagra, luaigh An fostóir? An tréimhse fostaíochta? Bonn na fostaíochta (tréimhse sheasta nó tréimhse éiginnte)? Ar íoc tú cáin sa tír sin?

TÍORTHA CÓNAITHE AN UCHTAITHEORA

Cónaí a choimeád = Áit chónaithe a bheith ar úinéireacht nó ar cíos

Buan = Gan bheith beartaithe bogadh ón tír seo tráth éigin chun cónaí a dhéanamh in áit eile

Neamhbhuan = A bheith beartaithe bogadh ón tír seo tráth éigin chun cónaí a dhéanamh in áit eile

Tír #1 (Tír bhreithe) _____

Na dátaí ar chónaigh an t-uchtaitheoir anseo

Cé na daoine de chuid theaghlach an uchtaitheora a chónaigh in éineacht leis/léi? _____

Ar choimeád an t-uchtaitheoir áit chónaithe sa tír seo? _____

An raibh an t-uchtaitheoir ag obair sa tír seo?

Tír #2 _____

Na dátaí ar chónaigh an t-uchtaitheoir anseo

An raibh cónaí buan nó cónaí neamhbhuan ar an uchtaitheoir anseo

Cé na daoine de chuid theaghlach an uchtaitheora a chónaigh in éineacht leis/léi? _____

Ar choimeád an t-uchtaitheoir áit chónaithe sa tír seo? _____

An raibh an t-uchtaitheoir ag obair sa tír seo?

Tír #3 _____

Na dátaí ar chónaigh an t-uchtaitheoir anseo

An raibh cónaí buan nó cónaí neamhbhuan ar an uchtaitheoir anseo

Cé na daoine de chuid theaghlach an uchtaitheora a chónaigh in éineacht leis/léi? _____

Ar choimeád an t-uchtaitheoir áit chónaithe sa tír seo? _____

An raibh an t-uchtaitheoir ag obair sa tír seo?

(Déan fótachóipeáil den fhoirm seo de réir mar is gá)

TÍORTHA CÓNAITHE AN UCHTAITHEORA - SAMPLA

Tír #1 (Tír bhreithe) _____ **ÉIRE** _____

Na dátaí ar chónaigh an t-uchtaitheoir anseo _____ **1957-1980** _____

Cé na daoine de teaghlach an uchtaitheora a chónaigh in éineacht leis/léi? Cónaí in éineacht leis an teaghlach breithe

Ar choimeád an t-uchtaitheoir áit chónaithe dá chuid/cuid féin sa tír seo?

___ **NÍOR CHOIMEÁD** _____

Ar oibrigh an t-uchtaitheoir sa tír seo? ___ **Mac léinn, ansin John Brown & Co, An Phríomh-Shráid, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo. 1976-1980,**

neamhbhuan, íocadh cáin. Chuathas ar imirce go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá ansin_____

Tír #2_____Stáit Aontaithe Mheiriceá_____

Na dátaí ar chónaigh an t-uchtaitheoir anseo _____1980-1983_____

An raibh cónaí buan nó cónaí éiginnte ar an uchtaitheoir ansin____ neamhbhuan_____

Cé na daoine de chuid theaghlach an uchtaitheora a chónaigh in éineacht

leis/léi??_Duine ar bith den neasteaghlach _

Ar choimeád an t-uchtaitheoir áit chónaithe sa tír seo? ____Níor choimeád_____

An raibh an t-uchtaitheoir ag obair sa tír seo?__Poist éagsúla, Níor íocadh cáin_____

Tír #3_____Ceanada_____

Na dátaí ar chónaigh an t-uchtaitheoir anseo _____1983 go dtí seo_____

An raibh cónaí buan nó cónaí éiginnte ar an uchtaitheoir anseo: neamhbhuan, agus buan ina dhiaidh sin

Cé na daoine de chuid theaghlach an uchtaitheora a chónaigh in éineacht leis/léi?_Céile agus leanbh _____

Ar choimeád an t-uchtaitheoir áit chónaithe sa tír seo? __Choimeád, áras teaghlaigh _____

An raibh an t-uchtaitheoir ag obair sa tír seo?__Mapleleaf Ltd., Toronto, 1983-1993

_____Roinn Foraoiseachta 1993-go dtí seo, Íocadh cáin _____

Sainmhíniú an Údaráis Uchtála ar ‘Cónaí rialta’

Ba cheart cónaí rialta a ghlacadh ar bhonn deonach agus ar mhaithe le lonnaíochta mar chuid de ghnáthghné de chuid saol duine. Is coincheap fíorasach é atá bunaithe ar chónaí ar feadh tréimhse réasúnach ama.

Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil cónaí rialta i gceist, breithneoidh an tÚdarás Uchtála na nithe seo a leanas:

- Fad (mar shampla, láithreach fhisiciúil sa Stát ar feadh tréimhse réasúnach ama);
- Rialtacht;
- Coinníollacha agus cúiseanna a bhaineann le fanacht i gcríoch an Stáit ar ina leith a éilítear cónaí rialta;
- Na ceangail shóisialta leis an mBallstát sin (mar shampla, teaghais laistigh de chríoch an Stáit ar ina leith a éilítear cónaí rialta); agus Na himthosca fíorais a bhaineann go sonrach le gach cás ar leithligh.

An cruthúnas atá ag teastáil i leith ‘cónaí rialta’

Cineálacha inghlactha cruthúnais - tabhair an oiread cruthúnas agus is féidir

- Ceadúnas tiomána (le haghaidh stát tionscnaimh an linbh, agus é reatha an tráth a rinneadh an uchtáil).
- Billí fóntais in ainm duine amháin de na huchtaitheoirí nó in ainmneacha na beirte uchtaitheoirí, ar billí iad ina dtaispeántar a seoladh i stát tionscnaimh an linbh.
- Admhálacha ar íocaíochtaí morgáiste (le haghaidh morgáiste i stát tionscnaimh an linbh).
- Ráiteas bainc (ráitis bhainc) (agus seoladh air/orthu i stát tionscnaimh an linbh).
- Admhálacha ar íocaíocht chíosa (le haghaidh cíosa a íocadh i stát tionscnaimh an linbh).
- Cruthúnas ar úinéireacht maoine i stát tionscnaimh an linbh.
- Ráiteas bainc (ráitis bhainc) (agus seoladh air/orthu i stát tionscnaimh an linbh).
- Ráiteas faoi fhreastal ar scoil i leith leanaí eile atá in aois scoile i stát tionscnaimh an linbh.

IARRATAS AR IONTRÁIL I gCLÁR NA nUCHTÁLACHA IDIR TÍORTHA

SEICLIOSTA DOICIMÉAD

GACH IARRATAS:

- FOIRM IARRATAIS
- DEIMHNIÚ POSTA SHIBHIALTA (más cuí sin, agus ní ghactar le fótachóip)
- DEIMHNIÚ PÓSTA SHIBHIALTA (Aistriúchán Béarla, más cuí)

UCHTÁLACHA CHINEÁL 'A' (ROIMH an 1 SAMHAIN 2010)

- DEARBHÚ REACTÚIL MIONNAITHE (Ceann amháin in aghaidh an iarratais)
- ORDÚ UCHTÁLA BUNAI DH (ní ghactar le fótachóip)
- ORDÚ UCHTÁLA BUNAI DH (Aistriúchán Béarla, más cuí)

UCHTÁLACHA CHINEÁL 'B' (TAR ÉIS an 1 Samhain 2010) - CÓNÁÍ RIALTA SA TÍR UCHTÁLA

- CEISTNEOIR(Í) MAIDIR LE CÓNÁÍ (ceann amháin in aghaidh an tuismitheora uchtaíoch)
- CRUTHÚNAS AR CHÓNÁÍ BUAN (le haghaidh gach uchtaitheoir ar leith)
- DEARBHÚ REACTÚIL MIONNAITHE (Ceann amháin in aghaidh an iarratais)
- ORDÚ UCHTÁLA BUNAI DH (ní ghactar le fótachóip)
- ORDÚ UCHTÁLA BUNAI DH (Aistriúchán Béarla, más cuí)

Deimhniú Airteagal 23 (Leagan Bunaidh) (i gcás uchtaíil Choinbhinsiún na Háige)

UCHTÁLACHA CHINEÁL 'C' (TAR ÉIS an 1 Samhain 2020) IDIR STÁIT CHOINBHINSIÚN NA HÁIGE

- DEARBHÚ REACTÚIL MIONNAITHE (Cineál A) (Ceann amháin in aghaidh an iarratais)
- ORDÚ UCHTÁLA BUNAI DH (ní ghactar le fótachóip)
- ORDÚ UCHTÁLA BUNAI DH (Aistriúchán Béarla)

Deimhniú Airteagal 23 (Leagan Bunaidh)